



**Coinníollacha Scéim
na gCampaí Samhraidh
2017**

Coinníollacha Scéim na gCampaí Samhraidh 2017

Ionad an Champa

1. Ní foláir an campa a bheith i gceantar Gaeltachta (beifear ag súil leis nach mbeidh níos mó ná campa amháin den chineál céanna in aon cheantar de ghnáth;
2. Ní cheadófar aon champa d'aon eagraíocht má bhíonn níos mó ná campa amháin ar siúl ar aon láithreán;
3. Ní foláir dóthain áiseanna feiliúnacha a bheith ar fáil chun an campa a reáchtáil go sásúil. Ar ndóigh, ní leor seomra feistis, mar shampla, mar áiseanna faoi dhíon agus ní ghlacfar leo;
4. Ní mór a chinntiú go mbeidh dóthain leithris ar fáil i measc na n-áiseanna;

Tréimhse an Champa

5. Is tréimhse chuig lá a cheadófar do chuile champa
6. Is tréimhse 10 seachtaine a bheas scéim na gCampaí Samhraidh á cheadú. Cuirfear tús le scéim na gCampaí ar 12/6/17 go dtí 18/8/17 Ní thabharfar aon aitheantas do aon champa a bheas á reáchtáil roimh ná tar éis na dátaí thuasluaite.
7. Caithfear éileamh íocaíochta a bheith déanta ar a dhéanaí coicís tar éis don campa críochnú.
8. Íocfar deontas na gcampaí taobh istigh de achar 30 lá sa chás go bhfuil na sonraí i gceart

Imeachtaí an Champa

9. Ní foláir **raon leathan gníomhaíochtaí** a bheith ar bun agus tráthchlár laethúil dá réir chun an deis is fearr agus is féidir a thabhairt, chun Gaeilge na rannpháirtithe a shaibhriú. Beidh an tráthchlár imeachtaí seo á scrúdú go cúramach mar chuid den chigireacht a dhéanfar ar na campaí. Caithfear cloí leis an gclár ama sin, mura mbíonn cead **Muintearas Teo** faighte roimh ré é a leasú;
10. Ní ghlacfar le campa níos giorra ná 5 uair an chloig in aghaidh an lae (i gcás campaí do pháistí 3-6bl, is féidir campa 4 uair a' chloig a reáchtáil. Ní féidir campa a bheith níos giorra ná 5 uair a' chloig in aon chás eile);

An Ghaeilge / Foirm Clárú

11. Ní foláir an campa a bheith rite **go hiomlán trí Ghaeilge** agus dá réir:
 - a. caithfear **Muintearas Teo** a shásamh go bhfuil ard-chumas sa Ghaeilge ag gach duine a bheidh ag obair air;
 - b. **ní mór a chinntiú roimh ré**, trí agallamh más gá, go mbeidh a dhóthain Gaeilge ag gach rannpháirtí chun tairbhe a bhaint as campa atá á reáchtáil trí Ghaeilge go hiomlán;
 - c. go bhfuil cónaí ar 90% ar a laghad de lucht freastail an champa sa Ghaeltacht
12. Go mbeidh **foirm chlárúcháin chuí in úsáid** a chaithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí na bpáistí a shíniú roimh ré:
13. Tá sé riachtanach go ndearbhaíonn agus go dtuigeann an tuismitheoir/caomhnóir go mbeidh cód iompar teanga i bhfeidhm sa champa a thugann an t-údarás don lucht eagraithe pé beart is gá a chur i gcrích mura bhfuil iarracht shásúil á dhéanamh chun Gaeilge a labhairt i gcaitheamh an champa (lena n-áirítear an páiste a chur abhaile).

14. Go bhfuil táille iomlán an champa agus cúnamh **Muintearas Teo** luaite go soiléir.
15. Tá sé riachtanach cóip den **pholasaí Gaeilge** agus aon sonraí a bhaineann leis a chur ar fáil do **Muintearas Teo** roimh ré le go mbeidh siad sásta go bhfuil cúram a dhóthain á dhéanamh don Ghaeilge. Agus an campa á scrúdú ag **Muintearas Teo**, cuirfear béim ar leith ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a bhaineann leis an nGaeilge.

Táille an Champa

16. **Nach mbeidh an táille a bheidh á gearradh níos airde ná €50.** I gcás na gcampaí sin a bhíonn ar siúl os cionn cúig uair an chloig in aghaidh an lae déanfar eisceacht ar an gcoinníoll seo.

Rannpháirtithe:

17. Ceadófar deontas de €45 don tseachtain, nó €9 do gach lá, a dhéanfar freastal ar an gcampa, suas go dtí uasmhéid tinrimh de 50 páiste ar aon champa. Sin uasmhéid deontais de €2250 do champa a dhéanann 50 páiste freastal ar feadh cúig lá.
18. Gur daltaí idir 3 bliana go dtí 18 mbliana d'aois ar an 1 Eanáir i mbliain an champa amháin a mbeidh cead acu freastal air go hiondúil. **I gcásampaí a fhreastalaíonn ar pháistí óga, ní foláir gur páistí idir 3 agus 6 bliana d'aois amháin ón 1 Eanáir i mbliain an champa (na haoiseanna sin san áireamh) a fhreastalaíonn orthu;**
19. Go dtabharfar T-Léine nó a mhacasamhail le mana **Muintearas Teo** air do gach páiste a dhéanann freastal ar an gcampa agus go dtugtar **aitheantas do chúnamh Muintearas Teo** in aon phoiblíocht a dhéantar ar an gcampa;
20. Beidh sé de cheart ag **Muintearas Teo**, más mian leo, fiosruithe a dhéanamh le tuismitheoirí na rannpháirtithe atá luaite ar rolla an champa;
21. Níl sé le tuiscint as deontas a íoc faoin Scéim seo go nglacann **Muintearas Teo** aon fhreagracht orthu féin i dtaobh rannpháirtithe agus ní bheidh **Muintearas Teo** faoi dhliteanas mar gheall ar aon chailliúint nó dochar a tharlaíonn aon uair ina leith;
22. **Tá sé riachtanach córas clárúcháin a bheith i bhfeidhm** agus bheadh sé inmholta na páistí a bheith cláraithe ar an gcampa ar a laghad seachtain roimh ré;
23. Tá an dualgas ar na heagrais éagsúla atá ag reáchtáil na gcampaí a chinntiú **go dtuigeann tuismitheoirí/caomhnóirí na rannpháirtithe go mbeidh an campa á reáchtáil go hiomlán trí Ghaeilge;**
24. **Íocfar deontas €100 (campa 5 lá) i gcás páiste le riachtanais speisialta a bheidh ag freastal ar champa:-**
 - Is deontas €100 in áit €45 atá i gceist.
 - Tá gá le dearbhú scríofa ó Thuismitheoir/ Chaomhnóir nó Dhochtúir.
 - Ní íocfar aon dheontas gan dearbhú scríofa.
 - Is leis an eagraíocht/coiste atá i bhfeighil an champa, cúntóir riachtanais speisialta a fhostú más gá.
 - Níl aon mhaoiniú breise ar fáil ó Mhuintearas chun cúntóir riachtanais speisialta a fhostú.

Teagascóirí/ Cinnirí an Champa:

25. Is gá beirt cinnirí a bheith i láthair i gcónaí, agus go gcloífí leis an gcoibhneas seo a leanas:
Aoisghrúpa 3-6: 1:8
Aoisghrúpa 7-12: 1:10

Aoisghrúpa 13-18: 1:15

Is gá do gach cinnire a bheith 18 mbliain d'aois, ní ghlacfar le haon duine atá faoi 18 i dtaobh an choibhnis seo.

26. Go bhfuil gach **teagascóir/cinnire cáilithe** go cuí chun gníomhú mar theagascóir/**chinnire** sa réimse atá faoina c(h)úram agus go mbeidh siad **os cionn ocht mbliana déag d'aois**. Is faoi lucht eagraithe an champa atá sé féachaint chuige go bhfuil gach duine a mbeidh baint acu le lucht freastail an champa oiriúnach don chúram sin agus pé oiliúint/fiosrúcháin is gá a dhéanamh i gcomhar leis na húdaráis chuí chun é sin a dhearbhu;
27. Go mbeidh na cáilíochtaí cuí ag gach duine a bhíonn ag obair mar chúntóir riachtanais speisialta ar an gcampa; Má tá a thuilleadh soiléiriú ag teastáil, is féidir é seo a phlé, ach teagmháil a dhéanamh le Muintearas Teo

Sábháilteacht:

28. Ní foláir go bhféachfaidh an coiste chuige go ndéanfar cúram de shábháilteacht na bpáistí a bheidh ag freastal ar an gcampa i rith an ama agus go gcloífead le dea-chleachtais sábháilteachta i gcónaí, go háirithe i gcás imeachtaí spóirt faoi leith ar nós snámh. Is faoi lucht eagraithe an champa dá réir comhairle a fháil ó na húdaráis chuí lena chinntiú go bhfuil **polasaí sábháilteachta** agus cur chuige ina leith oiriúnach acu;
29. Ní foláir **Cód Iompraíochta Cosaint Leanaí a bheith i bhfeidhm** de réir na dtreoirlínte atá foilsithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí – cóip le fáil ar an suíomh idirlín:
http://www.dcy.gov.ie/viewdoc.asp?fn=/documents/Publications/Children_First_Report_IRISH_LR.pdf
30. Ní mór go mbeidh an cód iompair seo ar eolas ag na hoibrithe ar fad ar an gcampa agus go mbeidh cóip den chód seo ar fáil ar láithreán an champa nuair a bheidh scrúdú á dhéanamh ar an gcampa. Ní cheadófar cúnaimh **Muintearas Teo** d'aon eagraíocht nach mbíonn ag cloí leis na rialacháin *Tús Áite - Treoirlínte Um Chosaint Leanaí*. Ní mór, dá bhrí sin, go mbeidh gach oibrí a bhíonn ag obair leis na campaí ar an eolas maidir leis na treoirlínte seo agus ar an eolas maidir le polasaí cosaint leanaí na heagraíochta féin. Caithfead Foirm Dhearbhaithe Foirme sínithe i leith gach oibrí a chur ar fáil do **Muintearas Teo** leis an bhfoirm iarratais.

Cúrsaí Cánach agus Árachais:

31. **Go bhfuil uimhir thagartha chánach ag an gcoiste/eagraíocht agus go gcuirfead uimhir cánach agus uimhir rochtana Imréitigh Canach (Tax Clearance Access Number) chuig Muintearas Teo leis an iarratas chun é seo a chruthú.**
32. Go bhfuil **árachas dliteanas poiblí ag an gcampa** chun íosmhéid éilimh do €6.5m a sheasamh (do aon eachtra amháin) i leith gach rannpháirtí atá ar an gcampa agus aon ionaid atá á úsáid i rith tréimhse an champa agus árachas dliteanas fostaí do €13m. Áirítear aon duine atá ag obair/ag tabhairt cúnaimh ar an champa (bíodh siad fostaíthe nó ag obair go deonach) agus atá os cionn 18 bliana d'aois mar oibrí ar an gcampa. Go mbeidh cóip den árachas sin ar fáil ag láithreán an champa féin, . **Ní foláir go mbeidh alt sa pholasaí árachais sin ina ndearbhófar go ndéanfaidh an campa, a lucht eagraithe, a ghníomhairí agus a sheirbhísigh Muintearas Teo., Údarás na Gaeltachta agus an tAire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnaca, Tuaithe agus Gaeltachta, a s(h)eirbhísigh agus a g(h)níomhairí, a shlánú agus a choimeád slán in aghaidh gach uile ghníomh, gach uile chostas, éileamh agus damáiste a éireoidh as aon**

úsáid a bhainfear as na hionaid sin nó as aon imeachtaí teagmhasacha a bhainfidh le himeachtaí a eagróidh an campa, a lucht eagraithe, a ghníomhairí agus a sheirbhísigh. ***Is féidir le Muintearas pacáiste árachais ar phraghas réasúnach a eagrú ach é sin a bheith luaite san iarratas.***

Athrú ar an ionad nó campa ar ceal

33. I gcás go gcuirtear campa ar ceal nó go n-athraítear dáta an champa tar éis iarratas ar aitheantas a bheith déanta le Muintearas Teo, ní foláir scéala a chur chuig Muintearas Teo roimh thús an champa.

Rolla Muintearas Teo

34. Ní mór an rolla atá curtha ar fáil ag **Muintearas Teo** a úsáid agus a bheith ar fáil le scrúdú ag oifigeach **Muintearas Teo** nuair a thabharfaidh sé/sí cuairt ar an gcampa. Ní mhór freisin an rolla sínithe a sheoladh chuig Muintearas Teo leis an éileamh íocaíochta, ní íocfar aon champa muna bhfuil an rolla ar fáil.

Ginearálta

35. Is ag **Muintearas Teo** a bheidh an bhreith dheireanach maidir le gach ní a bhaineann leis an scéim seo. **Coimeádann Muintearas Teo an ceart deontas/tráthchuid de pé deontas a bheadh iníoctha sa ghnáthbhealach a choinneáil siar i gcás nach bhfuiltear sásta gur comhlíonadh coinníollacha uile na scéime.**
36. **Ag brath ar éileamh agus méid na n-iarratas sa bhliain, d'fhéadfadh sé go socrófar uasmhéid don mhéidampaí faoi chúram aon heagraíochta nó an choiste céanna gur féidir a mhaoiniú.**